Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9839/22**

**LIMITE**

**CORLX 497**
**CFSP/PESC 717**
**COAFR 125**
**CONUN 106**
**COARM 96**
**FIN 606**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó[1] agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES.

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231[1] mar fhreagra ar na bacainní a cuireadh ar an bpróiseas toghchánaíochta i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus ar na sáruithe ar chearta an duine ann. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231 leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES agus tugadh isteach bearta sriantacha uathrialacha in Airteagal 3(2) de.

(3) Ag eascairt as breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-108/21[2], ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

1 Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7).

2 Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022, *Ferdinand Ilunga Luyoyo v. Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-108/21, ECLI:EU:T:2022:253.

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

Scriostar an iontráil seo den liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES:

'3. Ferdinand Ilunga LUYOYO'.

PUBLIC